Taispeántar grafaic 3D de chuid fráma pictiúir lastall. Cuimsíonn sé fráma dronuilleogach arna thacú ag taca cúil ar chruth pein-teagánach.

**(a)** Taispeántar anseo thíos (ar chlé) an ingearchló agus bonnchló imlíneach neamhiomlán de dhá phlána trasnaithe.

Léiríonn an plána abcd an fráma agus léiríonn an plána efgh an taca cúil.

(i) Cinn an líne trasnaithe idir na plánaí.

(ii) Cinn an uillinn déhéidreach idir na plánaí.

**(b)** Taispeánann an fíor anseo thíos (ar dheis) na teilgin de chuid fráma agus a thaca cúil.


(i) Cinn claonadh an taca cúil abcde leis an bPlána Cothrománach.


## Torthaí Foghlama


Ba cheart go mbeadh daltaí in ann:


- Na línte trasnaithe a chinneadh idir dhá dhromchla a thrasnaíonn a chéile
- An uillinn déhéidreach a chinneadh idir dhromchlaí plána cóngaracha
- Forbairtí dromchla a ullmhú i leith dromchlaí a thrasnaíonn a chéile







AN TSEIRBHÍS TACAÍOCHTA UM ÁBHAIR THEICNEOLAÍOCHTA

**GRAFAIC DHEARAIDH & CHUMARSÁIDE**

**Céimseata Dromchla 10**

**AINM:** ______________________________ **DÁTA:** ____________